

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, EARRACH, 2019

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC

(85 MHARC ANSEO AGUS 15 MHARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

1. Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-

- (a) Tá go leor buntáistí ag baint le páistí a thógáil amach as an seomra ranga agus iad a thabhairt go dtí an linn snámha, go dtí an leabharlann, ar shiúlóid dúlra agus ar thuras oideachais.
- (b) Má tá saol sláintiúil uait ba chóir duit bia maith a ithe, dóthain aclaíochta a dhéanamh agus rudaí deasa a dhéanamh le do chairde.
- (c) Ó na cuairteanna atá tugtha agam ar thíortha eile, is léir go gcuireann taisteal lenár n-eolas ar an stair, ar chúrsaí cultúir agus ar theangacha.
- (d) Tá an domhan ag éirí níos teo ach is beag atá á dhéanamh againn faoi in Éirinn.
- (e) Staid na Gaeilge sa Ghaeltacht.

(35 mharc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

2. Aistrigh go Gaeilge:-

There is a very fine shopping centre near me. It has got every type of shop – a supermarket, a shoe shop, a fish shop, a pharmacy, a hardware shop, and a fruit and vegetable shop. I like it that it is easy to park there and that parking is free. I usually do my weekly supermarket shopping on Thursday night. I like to go there on Saturday morning as well, nice and early. Very often on a Saturday morning I meet up with a friend of mine there and we have breakfast together. We love walking around and looking in the windows. There is a clothes shop also in the shopping centre. Even though it is a very good shop, I must say that I do not buy many clothes there. When I spot something very nice, I go on line. I do a lot of my shopping for clothes on line because clothes are much cheaper on line than they are in the shops.

(15 mharc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Take off your coat, Paul, take down your chair and take out your homework.
2. Now children! You do not have permission to go out to the yard today. It is too wet.
3. The number of children attending my school is increasing.
4. It is a detached house and there is a beautiful garden at the back of the house.
5. I leave the house at twenty past seven and I reach the school at ten to nine.
6. I had a bad cold during the Christmas and I had to go to the doctor.
7. My favourite pastime is to play the violin.
8. We had snow, sleet and hailstones in February.
9. I do not usually take my car to Dublin because of the traffic.
10. When I was in the Gaeltacht I was sharing a room with three others.

(15 mharc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“An (feic: mé) capall sa pháirc sin atá agat in aice (an teach) inné nuair a bhí mé ar mo bhealach chuig an siopa?” arsa Mairéad le Cormac. “Bhí capall ann ceart go leor,” arsa Cormac, “An bhfuil tú ag iarraidh é a (ceannaigh)?” “Is leatsa é mar sin,” arsa Mairéad. “Cá bhfuair tú é?” “Chuaigh mé go dtí Aonach (na Capaill) i mBéal Átha na Sluaighe, bhí sé ar (díol) ar phraghas an-íseal agus rinne mé margadh leis an úinéir, fear as Loch Garman.” “An raibh capall agat riamh cheana?” “Bhí,” arsa Cormac. “Bhí trí (ceann) agam nuair a bhí mé i m’fhear óg.” “Anois, a Chormaic! Tá a fhios agam, go bhfuil an-spéis agat sna capaill. Is minic a fheicim thú sa siopa (geallghlacadóir) sa bhaile mór. An bhfuil sé ar intinn agat dul ag rásaíocht leis?” “Níl,” arsa Cormac. “Cheannaigh mé é do m’inion Sadhbh mar bhronntanas (breithlá). Dá mbeadh sé ar intinn agam dul ag rásaíocht leis (bí) orm traenálaí a fháil. Ach d’fhéadfainn a lán airgid a (buaigh)!”

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Ní (téigh) mé go dtí Oifig an Phoist inné.
2. (Ceannaigh) mé gluaisteán nua an bhliain seo chugainn.
3. (Oscail) Bríd an fhuinneog gach oíche nuair a bhíonn sí ag dul a chodladh.
4. Má (faigh: mé) ticéad do Chluiche Ceannais na hÉireann, rachaidh mé.
5. Is é Corrán Tuathail an sliabh is (ard) in Éirinn.
6. Cheartaigh Ciara deich (cóipleabhar) sa bhaile aréir.
7. Rith an páiste trasna (an bóthar).
8. Thug an múinteoir cabhair do Liam mar bhí cabhair ag teastáil (ó: é).
9. Ní raibh Aisling in ann an sliotar a (cuir) thar an trasnán.
10. Nuair a bhí a lón (ith) ag Niamh, d’ól sí cupán tae.

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

Patsy Dan Mac Ruairí

Nuair a cailleadh Patsy Dan Mac Ruairí nó Rí Thoraigh, mar ab fhearr aithne air, bhí sé ceithre bliana déag agus trí scór. Cé go luaitear Patsy Dan Mac Ruairí go dlúth le Toraigh amach ó chósta Dhún na nGall, ba i Sraith an Iarthair i mBaile Átha Cliath a rugadh é. Uchtaíodh é ar an Thoraigh nuair a bhí sé cúig bliana d'aois agus is ann a chaith sé a shaol.

Ar Thoraigh déantar Rí an Oileáin a thoghadh agus is traidisiún é ón séú haois. Is é an ról atá ag Rí Thoraigh ná smacht a choinneáil ar aon choimhlint ar an oileán, a bheith mar ionadaí don oileán agus féachaint chuige go bhfuil gach rud i gceart. Thogh muintir an oileáin Patsy Dan mar Rí Thoraigh i 1993. Sular toghadh mar Rí é bhí a chumas ceannaireachta léirithe cheana féin aige san fheachtas a bhí ann sna seachtóidí daoine a choinneáil ar an oileán. Chaith sé a shaol ag obair do chearta phobal an oileáin sin.

Amhránaí agus seanchaí a bhí ann freisin, damhsóir, iascaire, feirmeoir agus sheinneadh sé an cairdín. Ealaíontóir a bhí ann freisin, an duine deireanach de Scoil Ealaíne Thoraigh a fuair a gcuid inspioráide ó Dereck Hill. Daoine a théadh go Toraigh d'fheicfidís Patsy Dan ar an gcéibh ag fanacht leo chun fáilte a chur rompu, an chéad duine a d'fheicfidís ar an oileán agus bhí sé de bhua aige i gcónaí, beagnach, a bheith i ngach áit ar an oileán ag an am céanna.

Ag Aifreann a shochraide, mhol an tAthair Seán Ó Gallchóir Patsy Dan faoin méid a rinne sé ar son mhuintir an oileáin i gcaitheamh a shaoil. "Rí, taoiseach, Aire gnóthaí eachtracha, Aire ealaíon agus turasóireachta - ach thar rud ar bith - Aire a thug aire dá phobal." Dúirt an tAthair Ó Gallchóir freisin gur "iomaí fáinne a chaith Patsy Dan - Fáinne na Gaeilge, fáinne ina chluas, fáinne a phósta ach seachas a phósadh lena bhean dhílis Caitlín, bhí Patsy pósta ar Thoraigh, an t-oileán a d'uchtaigh é agus é cúig bliana d'aois agus a bhronn coróin an rí air i 1993." I measc na mbronntanas a tugadh chuig an altóir, bhí a chaipín farraige, a bhosca ceoil agus pictiúr a rinne sé de theach solais an oileáin.

1. Cén fhianaise atá san alt nárbh as Toraigh do Phatsy Dan Mac Ruairí ó dhúchas?
2. Cé mhéad bliain a chaith Patsy Dan ar Thoraigh?
3. Céard a bhí déanta ag Patsy Dan a léirigh go raibh an teideal Rí Thoraigh tuillte aige nuair a bronnadh an teideal sin air?
4. Cén uirlis cheoil a thaitin le Patsy Dan?
5. Céard a thug le fios ag Aifreann a shochraide go raibh sé ina ealaíontóir?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:

“Weeshie” Fogarty

Rugadh Alabhaois Ó Fógartaigh nó “Weeshie” Fogarty mar ab fhearr aithne air i Mí an Mhárta, 1941. Glactar leis go minic gur Chiarraíoch é ach ba i gCorcaigh a rugadh é. Chuir sé faoi i gCill Airne agus chaith sé an chuid is mó dá shaol ag obair in Ospidéal Síciatrach Naomh Finan.

Peileadóir a bhí ann, cúl báire a d’imir le Léigiún Chill Airne agus le Ciarraí Thoir. Bhí sé mar chuid de phainéal Chiarraí ó 1969 go 1971. Bhuaigh sé bonn uile Éireann le Ciarraí i 1969 mar ionadaí nár imir. Níor sheas sé riamh idir na cuailí do Chiarraí i bPáirc an Chrócaigh mar go raibh greim daingean docht ag Johnny Culloty ar an ngeansaí sin, comhoibrí dá chuid ón Ospidéal Síciatrach. Bhí go leor peileadóirí eile ag obair san ospidéal agus nuair a bhíodh cluiche sraithe ag Ciarraí in áiteanna i bhfad i gcéin cosúil le Longfort, ní raibh aon deacrachtaí aige duine éigin a fháil chun seasamh isteach ina áit san ospidéal. Nuair a d’fhilleadh sé ar an ospidéal deireanach san oíche thugadh sé tuairisc ar an gcluiche do na hothair rud a chiallaigh go raibh scéal an chluiche acusan sula léifeadh daoine eile é ar nuachtáin na maidine. D’imir sé a chluiche deireanach le Ciarraí i nDeireadh Fómhair 1971 agus go gairid ina dhiaidh sin b’éigean dó éirí as an bpeil ar fad tar éis dó drochghortú súile a fháil.

Tar éis dó éirí as an bpeil mar imreoir chuaigh sé le réiteoireacht. Bhí sé mar réiteoir do go leor cluichí ceannais chontae i gCiarraí agus is eisean a bhí i mbun na feadóige do chluiche ceannais peile na hÉireann faoi bhliain is fiche sa bhliain 1980.

Ó 1998, d’oibrigh sé mar chraoltóir spóirt agus thar rud ar bith eile is mar chraoltóir spóirt a bhain sé clú amach i gCiarraí. Gach tráthnóna Luain bhí a chlár spóirt féin aige ar Raidió Chiarraí darbh ainm *Terrace Talk*. Deirtear gurbh iad na hocht mbliana is tríocha a chaith sé ag caint agus ag comhrá leis na hothair in Ospidéal Naomh Finan os cionn Staid Mhic Ghearaill a ghéaraigh a scileanna mar chraoltóir. Bhí sé in ann daoine a chur ar a gcompord, léirigh sé meas orthu agus bhí a chlár raidió níos cosúla le comhrá le cara ná le hagallamh. Scríobhadh sé alt spóirt don *Kerryman* chomh maith. Mar chraoltóir agus mar iriseoir, deirtear nárbh é go ndeachaigh sé amach ag lorg nuachta faoin duine ba dheireanaí a bhí bainte de phainéal Chiarraí nó a bhí ainmnithe air, ach gur tháinig an nuacht chuige.

Cailleadh “Weeshie” Fogarty ar 18 Samhain, 2018.

1. Cén mhíthuiscint a bhíonn ann go minic faoi “Weeshie” Fogarty, dar leis an alt?
2. Céard é an gaisce is mó a rinne “Weeshie” Fogarty mar pheileadóir?
3. Cén fhianaise atá san alt go raibh sé cineálta mar oibrí san Ospidéal Síciatrach?
4. Cén fáth ar éirigh sé as an bpeil?
5. Cár fhoghlaim “Weeshie” Fogarty conas na daoine a raibh sé ag caint leo mar chraoltóir a chur ar a gcompord?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

8. (a) Cén fheidhm teanga atá á comhlíonadh leis na heiseamláirí seo a leanas? :
- (i) “Go raibh míle maith agat.”
 - (ii) “Ba mhaith liom féachaint ar an teilifís.”
 - (iii) “Is mór an trua nár bhuaigh Éire.”
 - (iv) “Is ea. Tá an ceart agat.”
- (b) Mínigh an Modh Díreach. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Fiche Ceist” bunaithe ar dhaoine cáiliúla? Tabhair go leor samplaí den teanga a bhíonn á labhairt ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche.

(15 mharc)

9. (a) Céard ba chóir tarlú sa Tréimhse Réamhchumarsáide i gceacht cumarsáideach?
- (b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “Timpiste a bhí agam ar mo rothar” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna agus ina ndéanann tú tagairt do na nithe seo a leanas: an áit a raibh tú ag dul, an aimsir, conas a tharla an timpiste, na gortuithe a bhí agat, an chabhair a fuair tú, ag an dochtúir / ag an ospidéal.
- (c) Mar mhúinteoir, conas a mhíneofá na focail/frásaí seo a leanas: “gloíní gréine”, “ag lapadaíl”, “ag an mbord”.

(15 mharc)

10. (a) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “Biongó” le cártaí biongó a bhfuil pictiúir orthu. Tabhair samplaí den teanga a bhíonn á labhairt ag an múinteoir agus ag na páistí sa Tréimhse Réamhchumarsáide, i rith an chluiche féin (sa Tréimhse Cumarsáide) agus sa Tréimhse Iarchumarsáide.
- (b) Céard iad na buntáistí a bhaineann le rólimirt ó thaobh mhúineadh na Gaeilge de?
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) faoin teideal, “Ag Ceannach Ticéid ag an Stáisiún Traenach”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.

(15 mharc)